Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2026)0070

Leasú a dhéanamh ar Rialachán (AE) 2021/1232 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur lena thréimhse cur i bhfeidhm

Leasuithe a ghlac Parlaimint na hEorpa an 11 Márta 2026 maidir leis an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1232 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur lena thréimhse cur i bhfeidhm (COM(2025)0797 – C10-0370/2025 – 2025/0429(COD))[1]

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

[1] Tarchuireadh an ní ar ais chuig an gcoiste freagrach le haghaidh idirbheartaíocht idirinstitiúideach de bhun Riail 60(4), an ceathrú fomhír (A10-0040/2026).

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal -1 (nua)
Rialachán (AE) 2021/1232
Airteagal 3 – mír 1 – pointe a

An téacs atá ann	*Leasú*
	Airteagal -1
	In Airteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2021/1232, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):
(a) is fíor an méid seo a leanas maidir leis an bpróiseáil:	‘(a) gur fíor an méid seo a leanas maidir leis an bpróiseáil:
(i) tá fíorghá léi chun teicneolaíocht shonrach a úsáid chun na críche ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne a bhrath agus a bhaint agus é a thuairisciú d’údaráis forfheidhmithe dlí agus d’eagraíochtaí a ghníomhaíonn ar mhaithe le leas an phobail i gcoinne mí-úsáid ghnéasach leanaí ***agus sirtheoireacht leanaí a bhrath agus a thuairisciú d’údaráis forfheidhmithe dlí nó d’eagraíochtaí a ghníomhaíonn ar mhaithe le leas an phobail i gcoinne mí-úsáid ghnéasach leanaí, agus chun na críche sin amháin;***	(i) go bhfuil fíorghá léi chun teicneolaíocht shonrach a úsáid chun ábhar mí-úsáid ghnéis ar leanaí ar líne ***atá ar eolas*** a aimsiú a bhaint agus a thuairisciú do na h-údaráis forfheidhmithe dlí agus d’eagraíochtaí a ghníomhaíonn ar mhaithe le leas an phobail i gcoinne mhí-úsáid ghnéis ar leanaí, agus chuige sin amháin;
(ii) tá sí comhréireach agus teoranta do theicneolaíochtaí a úsáideann soláthraithe chun na críche a leagtar amach i bpointe (i):	(ii) go bhfuil sí comhréireach agus teoranta do theicneolaíochtaí atá in úsáid ag soláthraithe chun na críche a leagtar amach i bpointe (i):
(iii) tá sí teoranta do shonraí inneachair agus **sonraí tráchta gaolmhara** a bhfuil fíorghá leo chun na críche a leagtar amach i bpointe (i);	(iii) go bhfuil sí teoranta do shonraí inneachair a bhfuil fíorghá leo chun na críche a leagtar amach i bpointe (i);

(iv) tá sí teoranta don mhéid a bhfuil fíorghá leis chun na críche a leagtar amach i bpointe (i);	(iv) go bhfuil sí teoranta don mhéid a bhfuil fíorghá leis chun na críche a leagtar amach i bpointe (i);
	(v) gan a bheith curtha i bhfeidhm maidir le cumarsáid idirphearsanta ar cuireadh, ar cuireadh nó a gcuirfear criptiú ó cheann go ceann i bhfeidhm maidir léi;';

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal -1 a (nua)
Rialachán (AE) 2021/1232
Airteagal 1 – mír 1 – pointe a – pointe -i a (nua)

An téacs atá ann	*Leasú*
	Airteagal -1a
	In Airteagal 3(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/1232, cuirtear an pointe seo a leanas isteach:
	'(ia) atá spriocdhírithe, sonraithe agus teoranta d'úsáideoirí aonair, do ghrúpa sonrach úsáideoirí, sa cháil sin nó mar shíntiúsóirí le bealach sonrach cumarsáide, a bhfuil forais réasúnacha amhrais ann ina leith maidir le nasc, fiú nasc indíreach, le hábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí, agus atá sainaitheanta ag an údarás breithiúnach inniúil;';

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal -1 b (nua)
Rialachán (AE) 2021/1232
Airteagal 3 – mír 1 – pointe b

An téacs atá ann	*Leasú*
	Airteagal -1b
	In Airteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2021/1232, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):
(b) tá na teicneolaíochtaí a úsáidtear chun na críche a leagtar amach i bpointe (a)(i) den mhír seo i gcomhréir leis an úrscothacht atá in úsáid sa tionscal agus is iad na teicneolaíochtaí is lú iad lena gcuirtear isteach ar an bpríobháideachas, lena n-áirítear maidir le prionsabal na cosanta sonraí trí dhearadh agus trí réamhshocrú a leagtar síos in Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2016/679 agus, a mhéid a úsáidtear iad chun téacs i gcumarsáid a scanadh, ní féidir leo substaint inneachar na cumarsáide a bhaint de thátal as agus ní féidir a dhéanamh leo ach patrúin a bhrath lena dtugtar le fios go bhféadfadh mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a bheith ann;	‘(b) tá na teicneolaíochtaí a úsáidtear chun na críche a leagtar amach i bpointe (a)(i) den mhír seo i gcomhréir leis an úrscothacht sa tionscal agus is iad na teicneolaíochtaí is lú iad lena gcuirtear isteach ar an bpríobháideachas, lena n-áirítear maidir le prionsabal na cosanta sonraí trí dhearadh agus trí réamhshocrú a leagtar síos in Airteagal 25 de ***Rialachán*** (AE) 2016/679 agus, a mhéid a úsáidtear iad chun téacs i gcumarsáid a scanadh, ní féidir leo substaint ábhar na cumarsáide a dhéanamh amach ach amháin i gcás ina bhfuil patrúin á mbrath lena dtugtar le fios go bhféadfadh mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a bheith ann, ***agus, i gcás ina n-úsáidtear teicneolaíochtaí den sórt sin chun mealladh leanaí nó ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne nár sainaithníodh roimhe sin a bhrath, beidh an úsáid sin teoranta go docht do chásanna ina bhfuil tuairisc nó fógra nithiúil faighte ag an soláthraí ó úsáideoir, ó chomharthóir iontaofa, nó ó eagraíocht a ghníomhaíonn ar mhaithe le leas an phobail in aghaidh mí-úsáid ghnéasach leanaí, maidir le teachtaireacht, cuntas nó idirghníomhaíocht shonrach lena léirítear amhras réasúnach faoi mhí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne, agus***

	beidh an brath teoranta go docht don mhéid atá riachtanach i ndáil leis an cás tuairiscithe sin.';

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1
Rialachán (AE) 2021/1232
Airteagal 10 – an dara fomhír

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Beidh feidhm aige go dtí an 3 ***Aibreán 2028***.	Beidh feidhm aige go dtí an ***3 Lúnasa 2027***.